



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2021

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Fisic agus Ceimic

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosá d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Treoirlínte Ginearálta

Agus an scéim mharcála á meas, is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh.

1. I gcásanna go leor, ní luaitear ach na focail bhuntábhachtacha, i.e. focail nach mór iad a bheith ina gcomhthéacs ceart i bhfreagra an iarrthóra go ngnóthófaí na marcanna a luaitear leo.
2. Is ionann na marcanna a luaitear idir lúibíní agus na marcanna a bhronntar ar fhreagraí neamhiomlána faoi mar a shonraítear sa scéim.
3. Is focail, leaganacha nó ráitis atá ina malairtí ar a chéile iad sin a bhfuil soladas, /, eatarthu agus tá an glacadh céanna leo araon.
4. Freagraí a dheighltar óna chéile le soladas dúbailte, //, is freagraí iad sin atá comheisiach. Ní féidir freagra neamhiomlán ó thaobh amháin den // a thabhairt san áireamh le freagra neamhiomlán ón taobh eile.
5. **Níl** na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Is féidir marcanna i ndáil le cur síos a ghnóthú as léaráid oiriúnach, ag brath ar an gcomhthéacs.
6. Sa chás go luaitear sin, baintear aon mharc amháin i ndáil leis na haonaid mhíchearta a úsáid nó gan aon aonad a lua.
7. Gach uair dá dtarlaíonn botún uimhríochta sa ríomh, baintear aon mharc amháin.
8. D'fhéadfaí cealú a dhéanamh nuair a thugann iarrthóir liosta de fhreagraí cearta agus míchearta.
9. Is de réir chomhthéacs na ceiste agus na caoi a gcuirtear í agus an líon marcanna a chuirtear i leith an fhreagra ar an scrúdpháipéar a shocraítear an leibhéal mioneolais atá de dhíth le ceist ar bith. Tharlódh dá bhrí sin go mbeadh athrú ó bhliain go bliain i gcás ar bith faoi leith.
10. Tabharfar marcanna bónais ag ráta 10% de na marcanna a ghnóthaítear d'iarrthóir a fhreagraíonn na ceistanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos lú ná 75% de na marcanna iomlána. Agus an bónas sin á ríomh slánaítear síos, ní suas, deachúlacha i gcónaí, e.g. athraíonn 4.5 go 4; athraíonn 4.9 go 4, etc. Baineann an tábla bónais a thugtar ar an gcéad leathanach eile le hiarrthóirí a fhreagraíonn na ceistanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos mó ná 75% de na marcanna iomlána.



330@10%

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónaís sin **a shlánú síos**.

Tábla 330 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 330 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 247 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

Bunmharc	Marc Bónais
248 - 250	24
251 - 253	23
254 - 256	22
257 - 260	21
261 - 263	20
264 - 266	19
267 - 270	18
271 - 273	17
274 - 276	16
277 - 280	15
281 - 283	14
284 - 286	13
287 - 290	12

Bunmharc	Marc Bónais
291 - 293	11
294 - 296	10
297 - 300	9
301 - 303	8
304 - 306	7
307 - 310	6
311 - 313	5
314 - 316	4
317 - 320	3
321 - 323	2
324 - 326	1
327 - 330	0

CEIST 1**Aon mhír déag ar bith****11×6****(a) Sainaithin na cainníochtaí scálacha díobh seo a leanas:**

mais	treoluas	fórsa	fuinneamh	am	<u>3×2</u>
mais					...2
fuinneamh					...2
am					...2

(b) Is graf am-obair é Fíor 1.**Faigh meán na cumhachta a fhorbraítear le linn na 5 s.****3**

$$(P = \frac{W}{t} = \frac{1000}{5} =) 200 \text{ W}$$

...3

An tairiseach í an chumhacht sa chás seo?**3**

ní hea

...3

[Ceadaiigh $P = \frac{W}{t}$ le haghaidh ... (3), mura bhfuil aon mharc eile tugtha.]**(c) Luaigh prionsabal imchoimeáda an mhóimintim.****2×3**

nuair nach ngníomhaíonn aon fhórsa seachtrach nó i gcóras iata, is ionann móiminteam (iomlán) roimh imbhualladh //

nuair nach ngníomhaíonn aon fhórsa seachtrach nó i gcóras iata, fanann móiminteam (iomlán) nó bíonn sé //

nuair nach ngníomhaíonn aon fhórsa seachtrach nó i gcóras iata is ionann $m_1u_1 + m_2u_2 =$...3agus an móiminteam ina dhiaidh // tairiseach // $m_1v_1 + m_2v_2$ nó $(m_1 + m_2)v$...3

[fórsa seachtrach nó córas iata fágtha ar lár ... (–1)]

(d) Maireann caochadh súl spásaire 0.11 soicind.**Cén fad a thaistealaíonn solas i spás sa tréimhse ama sin?****2×3**

$$d = vt / s = vt / d = ct / s = ct / \text{fad} = \text{luas} \times \text{am}$$

...3

$$(d = s =) 2.998 \times 10^8 \times 0.11 = 3.2978 \times 10^7 \text{ (m)} [3.2977 \times 10^7 - 3.3 \times 10^7]$$

...3

(e) Cad is brí le tríphointe an uisce?**6**

có-eiseann oighear, uisce (leachtach), gal / 273.16 K nó 0.01 °C

...6

[aonad ar lár anseo ... (–1)]

(f) Tarraing an graf a fhaightear nuair a dhéantar toirt de mhais sheasta gáis ag brú tairiseach a bhreacadh i gcoinne a teochta in °C.**2×3**

graf líneach méadaitheach ar a léirítear toirt i gcoinne teochta

...3

tá an t-idircheapán ar an ais teochta ar thaobh na láimhe clé de nialas / téann an graf tríd an ais toirte ag

luach dearfach

...3

(g) Luaigh an t-airí teirmiméadrach a úsáidtear i ngach ceann díobh seo:**4, 2****(i) teirmiméadar leachta i ngloine,**

airde nó fad nó toirt (leacht)

(ii) gásteirmiméadar toirt-tairiseach.

brú

an chéad cheann ceart ...4, an dara ceann ceart ...2

(h) Tabhair dhá airí a bheadh ag teirmiméadar maith.	4, 2
íogaireach / athrú mór ar an scála mar thoradh ar ardú beag teochta // toilleadh teasa beag // cruinn // raon teochta mór nó úsáideach // soléite nó so-úsáide / caoithiúil // beag // freagra tapaidh // láidir, etc	an chéad cheann ceart ...4, an dara ceann ceart ...2
(i) Breac síos dlí Snell.	2×3
is tairiseach an cóimheas idir síneas uillinn an ionsaithe // $\frac{\sin i}{\sin r}$	...3
agus síneas an uillinn athraonta // = n nó r k nó tairiseach nó	...3
tá uillinn an ionsaithe comhréireach le, nó athraíonn sé go díreach le, // $\sin i \propto$	...3
síneas an uillinn athraonta // $\sin r$	...3
[frithchaitheamh in áit athraonta (−3)]	
[(−3) do gach sín a fhágtar ar lár]	
(j) Sainaithin an feiniméan a tharlaíonn (i) ag X, (ii) ag Y, i bhFíor 2 nuair a bhuaileann ga solais, ag taisteal san aer, an priosma agus nuair a thaistealaíonn an ga tríd an bpriosma.	4, 2
X: athraonadh	
Y: frithchaitheamh inmheánach iomlán	
	an chéad cheann ceart ...4, an dara ceann ceart ...2
(k) Ainmnigh feiniméan nach féidir a mhíniú ach amháin trí thagairt do	4, 2
(i) nádúr toinne an tsolais,	
trasnaíocht / díraonadh / polarú / iarmhairt Doppler	
(ii) na hairíonna atá ag fótóin an tsolais.	
iarmhairt fhótaileictreach / radaíocht dúchoirp / bunús speictream / etc	
	an chéad cheann ceart ...4, an dara ceann ceart ...2
(l) Is é F an fórsa idir dhá phonclucht chomhchosúla a bhfuil fad áirithe eatarthu. Nuair a dhéantar an fad eatarthu a dhúbailt, cad é an fórsa nua eatarthu i dtéarmaí F?	6
$F \div 4$ nó $F/4$	...6
$[4F \dots (3)][F \propto \frac{q_1 q_2}{d^2} \text{ nó } F = \frac{1}{4\pi\epsilon} \frac{q_1 q_2}{d^2} \dots (3)]$	
(m) Déantar an patrún réimse leictirigh i bhFíor 3 nuair a chuirtear dhá lucht Q_1 agus Q_2 gar dá chéile.	
Cén sórt lucht, dearfach nó diúltach, is ea	2×3
(i) Q_1	
diúltach	...3
(ii) Q_2?	
dearfach	...3
(n) Ríomh méid an lucht, in μC, a aistrítear nuair atá toilleoir plátaí comhthreomhara $0.6 \mu\text{F}$ ceangailte le soláthar cumhachta 6 V.	2×3
$C = \frac{Q}{V} / Q = CV$	...3
$(Q =) 0.6 \times 6 = 3.6 (\mu\text{C})$ nó $4 (\mu\text{C})$	...3

- (o) Cad is ionduchtú leictreamaighnéadach ann?** **2×3**
 athrú ar an bhfosc maighnéadach nasctha le corna nó trí chorna // $E = // E \infty$...3
 fórsa leictreaghluaisneach (emf) a tháirgeadh nó a ionduchtú sa chorna nó bíonn sruth (sreabhadh) sa
 chorna // $-N \frac{d\phi}{dt}$ // $-\frac{d\phi}{dt}$ or $\frac{d\phi}{dt}$...3
- (p) Ag glacadh leis nach gcailltear aon chumhacht le linn claochladán uaschéimneach a oibriú, cén chomparáid atá idir** **2×3**
- (i) méid an voltais aschuir agus an voltais ionchuir,**
 voltas aschuir níos mó / $\frac{V_{isteach}}{V_{amach}} = \frac{N_{isteach}}{N_{amach}} / V_{amach} > V_{isteach}$...3
- (ii) méid an tsrutha aschuir agus an tsrutha ionchuir?**
 sruth aschuir níos lú / $\frac{I_{isteach}}{I_{amach}} = \frac{V_{amach}}{V_{isteach}} / \frac{I_{isteach}}{I_{amach}} = \frac{N_{amach}}{N_{isteach}} / I_{amach} > I_{isteach}$...3
- (q) I dtéarmaí cáithníní fo-adamhacha, cad é** **4, 2**
- (i) alfa-cháithnín,**
 núicléas héiliam / dhá phrótón agus dhá neodróin / ${}^4_2\text{He}^{2+}$
 [adamh héiliam nó ${}^4_2\text{He}$...(-1)]
- (ii) béite-cháithnín?**
 leictreon nó e^- nó ${}^0_{-1}e$ / posatrón nó e^+ nó 0_1e
 an chéad cheann ceart ...4, an dara ceann ceart ...2
- (r) Cén leathré atá ag iseatóp radaighníomhach a dtagann laghdú ar a ghníomhaíocht go dtí $1/16^{\text{ú}}$ dá luach bunaidh laistigh de 32 uair an chloig?** **2×3**
 1 go $\frac{1}{2}$ go $\frac{1}{4}$ go $\frac{1}{8}$ go $\frac{1}{16}$ nó 4 leathré ...3
 $32 \div 4 = 8$ (uair an chloig) ...3

CEIST 2

(a) (i) Luaigh dara dlí ghluaisne Newton.

2×3

tá ráta athraithe móimintim comhréireach leis $// \frac{mv - mu}{t} \propto$

...3

an bhfórsa atá ag gníomh agus (tarlaíonn sé) sa treo céanna nó i dtreo an fhórsa $// F$ agus sa treo céanna ...3
[sa treo céanna nó i dtreo an fhórsa fágtha ar lár ...(-1)]

(ii) Díorthaigh ón dlí sin an gaol fórsa = *mais* × *luasghéarú*.

3×3

$$F \propto \frac{mv - mu}{t} / F \propto m \left(\frac{v - u}{t} \right)$$

...3

$$(\Rightarrow) F \propto ma / (\Rightarrow) F = kma$$

...3

$$(\Rightarrow) F = ma \text{ nuair atá } k = 1 / (\Rightarrow) F = ma \text{ sa chóras SI}$$

...3

[$F = ma$ gan $k = 1$ nó gan tagairt don chóras SI (-1)]

(b) (i) Tarraing léaráid lipéadaithe de leagan amach gairis a úsáidtear chun a fhíorú go bhfuil luasghéarú maise seasta i gcomhréir leis an bhfórsa atá á fheidhmiú.

4×3

tralaí ar ráille

...3

ráille ar fána nó ráille cothrománach gan aon fhrithchuimilt nó ráille aeir

...3

ceangailte le meáchain le sreang thar ulóg

...3

(coiméad ama trí úsáid a bhaint as) téip thiceála, geataí solais, tralaí Fletcher, braiteoir logála sonraí (agus ríomhaire), uaireadóir, etc

...3

(ii) Conas a choimeádtar an mhais atá á luasghéarú tairiseach?

3

maiseanna nó meáchain arna n-aistriú idir tralaí agus ceann sreinge (ingearaí)

...3

(iii) Cad iad na tomhais a dtaifeadtar?

3×3

fórsa luathaithe / maiseanna arna n-úsáid chun fórsa a ghiniúint chun an tralaí a tharraingt

...3

amanna trí dhá gheata solais / an méid ama a thógann sé an fad tosaigh agus an fad deiridh a thaisteal / treoluas

...3

am idir geataí solais / fad idir geataí solais

...3

(c) Dá dtitfeadh réad beag anuas ó ard éigin ar láithreán tógála, d'fhéadfadh sé dochar tromchúiseach a dhéanamh dá mbuailfeadh sé duine ar an talamh. Féach Fíor 4.

Taispeántar sa ghraf i bhFíor 5 conas a d'athraigh méid an mhóimintim ingearaigh ag réad de mhais m de réir ama i rith an chéad chúpla soicind dá bheith ag titim anuas ó ard, ag tosú ó fhos, nuair is fórsa imtharraingteach an t-aon fhórsa a bhí ag feidhmiú air.

(i) I ndiaidh an chéad 3.0 s bhí luas ingearach 29.4 m s^{-1} ag an réad.

Úsáid an graf agus faigh m .

2×3

(móiminteam nó mv tar éis 3.0 s =) 147

...3

$$m = \frac{mv}{v} = \frac{147}{29.4} = 5.0 \text{ kg nó } 5 \text{ kg}$$

...3

[gan aon aonad nó an t-aonad mícheart (-1)]

(ii) Cén chainníocht a léiríonn fána an ghraif?

3

fórsa / meáchan

...3

(iii) Ríomh fána an ghraif.

2×3

$$\frac{147-0}{3-0} / \tan \theta = \frac{147}{3}$$

...3

49

...3

(iv) Cén fad a thit an réad sna chéad 3.0 s?

3×3

$$(F = ma \Rightarrow a = 49 \div 5 =) 9.8 \text{ m s}^{-2}$$

...3

$$s = ut + \frac{1}{2}at^2 / s = \frac{1}{2}at^2 / s = \frac{1}{2}gt^2 // v^2 = u^2 + 2as / v^2 = 2as / v^2 = 2gs$$

...3


$$\Rightarrow = 0.5 \times 9.8 \times 9.0 = 44.1 \text{ m} // (29.4)^2 = 2 \times 9.8 \times s \Rightarrow s = 44.1 \text{ m nó } 44 \text{ m}$$

...3

[gan aon aonad nó an t-aonad mícheart (-1)]

(v) Mínigh conas atá an graf i gcomhréir le dara dlí Newton.

3



líne dhíreach tríd an mbunphointe /

is tairiseach an ráta athraithe móimintim nuair is tairiseach an fórsa a fheidhmítear /

tá an ráta athraithe móimintim cothrom le nó comhréireach (go díreach) le fórsa (imtharraingteach)

tairiseach /

tá luasghéarú tairiseach mais sheasta comhréireach (go díreach) le fórsa (imtharraingteach) tairiseach /

$$mv \propto t \Rightarrow ma = \text{tairiseach}$$

...3

[bunphointe fágtha ar lár ...(-1)]

CEIST 3

(a) (i) Breac síos dlíthe fhrithchaitheamh an tsolais.

6, 3

ga ionsaitheach, ga fhrithchaite agus an normal sa phlána céanna /
uillinn an ionsaithe cothrom leis an uillinn fhrithchaite
[athraonadh in áit fhrithchaitheamh (–3) ach díreach uair amháin]

an chéad cheann ceart...6, an dara ceann ceart ...3

(ii) Déan cur síos ar thurgnamh le fáil amach cén suíomh ina bhfuil íomhá de réad a rinneadh i scáthán plánach.

3×3

marcáil suíomh an réada agus cúl an scátháin // marcáil gathanna ionsaitheacha (eisiréimneacha) agus cúl an scátháin

...3

aimsigh suíomh na híomhá (trí mhodh na heaspa saobhdhiallais) // marcáil na gathanna fhrithchaite

...3

trí úsáid a bhaint as pionna cuardaigh // teilg na gathanna fhrithchaite (dibhéirseacha) ar ais chuig an mbunphointe (dealraitheach)

...3

[Marcanna ar fáil do na pointí a thaispeántar nó a gcuirtear síos orthu.]

(b) Tarraing ga-léaráid le foirmiú íomhá i scáthán dronnach a thaispeáint.

2×3

ga amháin arna fhrithchaitheamh i gceart ó scáthán dronnach

...3

an dara ga arna fhrithchaitheamh i gceart ag trasnú an chéad cheann chun an foirmiú íomhá a thaispeáint i gceart

...3

(c) Cuireadh réad ag 9 cm os comhair scáthán plánach, scáthán dronnach agus scáthán cuasach, ceann ar ceann. Cruthaíodh íomhá fhíorúil i ngach cás.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

6

(íomhá) arna foirmiú ag trasnú follasach gathanna solais / ní féidir (íomhá) a fhoirmiú ar scáileán

...6

(ii) Cén fad taobh thiar den scáthán plánach ar cruthaíodh an íomhá?

3

9 cm

...3

[gan aon aonad nó an t-aonad mícheart (–1)]

(iii) Faigh fad fócasach an scátháin dhronnaigh nuair a bhí fad na híomhá ón scáthán dronnach 3 cm níos lú ná fad na híomhá ón scáthán plánach.

2×3

$$\frac{1}{f} = \frac{1}{u} + \frac{1}{v} / \frac{1}{f} = \frac{1}{u} - \frac{1}{v} / \frac{1}{f} = \frac{1}{9} - \frac{1}{6}$$

...3

$$\Rightarrow \frac{1}{f} = -\frac{1}{18} \text{ agus } f = (-) 18 \text{ cm}$$

...3

[Bronn (3) do 3.6 cm] [gan aon aonad nó an t-aonad mícheart (–1)]

[Glactar le líniú de réir scála.]

(iv) Faigh fad na híomhá i gcás an scátháin chuasaigh nuair ab ionann méadaíocht a fhaid fhócasach agus fad fócasach an scátháin dhronnaigh.

2×3

$$\left(\frac{1}{f} = \frac{1}{u} + \frac{1}{v} \Rightarrow \frac{1}{18} = \frac{1}{9} \pm \frac{1}{v}\right)$$

...3

$$\frac{1}{v} = -\frac{1}{18} \Rightarrow (v =) (-) 18 \text{ cm}$$

...3

[Bronn (3) do (–) 6 cm má úsáidtear $f = -18$ cm]

[gan aon aonad nó an t-aonad mícheart (–1)]

[Glactar le líniú de réir scála.]

(v) Cén formhéadú a bhí ann i gcás gach ceann den trí chás frithchaithimh?	<u>3, 3×2</u>
$m = v/u$	...3
<i>plána:</i> (formhéadú nó $m = 1$ / gan aon fhormhéadú nó formhéadú nialasach [$m = 0$ mícheart ach cuir (-1) i bhfeidhm])	...2
<i>dronnach:</i> ($m = \frac{v}{u} = \frac{6}{9} = \frac{2}{3} = 0.667$ / dhá thríú de mhéid réada	...2
<i>cuasach:</i> ($m = \frac{v}{u} = \frac{18}{9} = 2$ / dhá oiread de mhéid réada [déan neamhaird de chomharthaí diúltacha])	...2
(d) Is minic a úsáidtear scáthán dronnach mar scáthán cúil i mótarfheithiclí.	
Luaigh	
(i) buntáiste,	<u>3</u>
réimse leathan radhairc / íomhá ingearach	...3
(ii) míbhuntáiste, a bhaineann le scáthán dronnach seachas scáthán plánach a úsáid mar scáthán cúil.	<u>3</u>
bíonn an chuma ar réada go bhfuil siad níos faide uait ná mar atá / níos deacra suíomhanna iarbhíre réada a mheas / an íomhá laghdaithe / an íomhá díchumtha	...3
(iii) Tabhair úsáid amháin le scáthán cuasach agus luaigh cén fáth a n-oireann sé don úsáid sin.	<u>2×3</u>
scáthán fiaclóra nó scáthán bearrtha nó scáthán smididh // frithchaiteoir i dtóirse, teilgeoir, etc	...3
íomhá mhéadaithe // teilgeann nó frithchaitheann bíoma comhthreomhar	...3

CEIST 4

(a) (i) Céard é an *gás idéalach*?

2×3

leanann sé dlíthe gáis nó dlí Boyle nó an teoiric chinéiteach

...3

ag gach teocht agus ag gach brú

...3

(ii) Conas a úsáidtear an teoiric chinéiteach le míniú conas a fheidhmíonn gás brú?

3

imbhuailtí móilíneacha nó caithníneacha le ballaí an choimeádáin

...3

(iii) Cad iad na cúinsí ina n-iompraíonn fíorgháis is mó ar nós an gháis idéalach?

2×3

brú íseal

...3

teocht ard

...3

(b) Má mhéadaítear an brú ag sampla de ghás ag teocht thairiseach, cén éifeacht a bheidh aige sin

(i) ar mheánfhuinneamh cinéiteach mhóilíní an gháis,

3

éifeacht ar bith / gan aon éifeacht

...3

(ii) ar thoirt an gháis?

3

laghdaíonn sí

...3

Mínigh do fhreagra i ngach cás.

2×3

meánfhuinneamh cinéiteach: athríonn fuinneamh cinéiteach móilíneach le teocht (amháin)

...3

toirt: bíonn brú comhréireach go hinbhéartach le toirt / laghdaíonn toirt de réir mar a mhéadaíonn brú /

fáisceann brú gás isteach i dtoirt níos lú / tagairt do dhlí Boyle nó sainmhíniú dhlí Boyle a thabhairt

...3

(c) Taispeánann an graf i bhFíor 6 conas a athraíonn brú mais sheasta gáis le hinbhéarta a toirte ag trí theocht éagsúla.

(i) Ainmnigh agus breac síos an dlí a fhíoraítear i bhFíor 6.

3×3

Boyle

...3

bíonn brú comhréireach go hinbhéartach // $p \propto // pV$

...3

le toirt i gcás mhais sheasta gáis ag teocht thairiseach //

$1/V$ i gcás mhais sheasta gáis ag teocht thairiseach //

tairiseach nó k i gcás mhais sheasta gáis ag teocht thairiseach

...3

[*Ceann amháin de mhais sheasta gáis nó teocht thairiseach fágtha ar lár (-1)*]

[Féadfar na marcanna seo a bhronnadh d'obair arna tabhairt i gcuid (ii)]

(ii) Tarraing léaráid lipéadaithe de ghairias oiriúnach chun an dlí sin a fhíorú.

3×3

mhais sheasta gáis le meicníocht chun an toirt a athrú (ag teocht thairiseach)

...3

meicníocht chun an brú a athrú

...3

tomhsairí nó scálaí nó taifeadán digiteach chun toirt agus brú a léamh

...3

(iii) Cuir síos ar conas a fuarthas na tomhais a úsáideadh leis an ngraf a tharraingt.

2×3

léigh toirt agus brú (agus teocht)

...3

aimsigh an toirt comhalartach

...3

(iv) Cé acu teocht is ísle, T_1 , T_2 nó T_3 ? Cosain do fhreagra.

2×3

T_1

...3

fána nó pV comhréirerach le T / an fhána is lú do T_1 / ó $PV = nRT$ /

dá laghad an brú is lú an teocht (do thoirt faoi leith nó $1/V$) / etc

...3

(d) Úsáidtear gás clóirín go forleathan chun soláthairtí uisce óil a íonú. Líonann sampla de ghás clóirín 8.7 lítear ag brú 1.19×10^5 Pa agus ag teocht 24 °C. Ríomh an teocht ag a líonann an sampla seo de ghás clóirín toirt 10.2 lítear agus é ag brú 1.13×10^5 Pa. 3×3

$$\frac{p_1 V_1}{T_1} = \frac{p_2 V_2}{T_2} \quad // \quad pV = nRT \quad \dots 3$$

$$\frac{1.19 \times 10^5 \times 8.7}{297} = \frac{1.13 \times 10^5 \times 10.2}{T_2} \quad // \quad n = \frac{pV}{RT} = \frac{1.19 \times 10^5 \times 8.7 \times 10^{-3}}{8.31 \times 297} = 0.419 \text{ móil} \quad \dots 3$$

[Ní botún é 24 °C a úsáid i ríomhanna sa chéim seo.]

$$(T_2 =) 330 - 331 \text{ K nó } 57 - 58 \text{ °C} \quad // \quad (T_2 =) = \frac{pV}{nR} = \frac{1.13 \times 10^5 \times 10.2 \times 10^{-3}}{0.419 \times 8.31} = 330 - 331 \text{ nó } 57 - 58 \text{ °C} \quad \dots 3$$

[gan aon aonad nó aonad mícheart (-1)][Ná gearr piónós don aonad más é 26.7 °C an freagra.]

CEIST 5

(a) Sainmhínigh sruth leictreach.

6

sreabhadh nó gluaiseacht leictreon nó caithníní luchtaithe nó iain nó lucht

...6

(b) I dturgnamh leis an teas-iarmhairt ag sruth leictreach a imscrúdú, ar dtús thomhais mac léinn na hathruithe teochta $\Delta\theta$ nuair a chuaigh an sruth céanna trí chornaí téimh a raibh friotaíochtaí éagsúla R acu (iad curtha faoi mhais sheasta uisce i ngabhdáin chomchosúla don achar céanna ama).

Taifeadadh na sonraí seo a leanas.

$R (\Omega)$	0	2.0	4.0	5.0	6.0	7.5	8.0
$\Delta\theta (^{\circ}\text{C})$	0	2.9	5.6	7.0	8.4	10.6	11.4

(i) Breac graf de $\Delta\theta$ i gcoinne R (x-ais).

4×3

aiseanna lipéadaithe R nó friotaíocht agus nó $\Delta\theta$ nó ardú teochta*

...3

na haiseanna scálaithe i gceart


...3

sé phointe breactha i ceart

...3

líne dhíreach tríd an mbunphointe

...3



(ii) Úsáid an graf leis an méadú teochta a réamh-mheas nuair atá $R = 3.5 \Omega$.

3

4.9 – 5.2 $^{\circ}\text{C}$

...3

[gan aon aonad nó an t-aonad mícheart (–1)]

(iii) Cén gaol idir méadú teochta agus friotaíocht a thaispeántar i do ghraf?

3

ardú teochta* comhréireach leis an teas a tháirgtear / $\Delta\theta \propto R$

...3

(c) Ansin thomhais an mac léinn na hathruithe teochta $\Delta\theta$ nuair a cuireadh sruthanna éagsúla I tríd an gcorna téimh céanna (curtha faoi mhais sheasta uisce i ngabhdáin chomhchosúla don achar céanna ama). Taifeadh na sonraí seo a leanas.

I (A)	0	0.5	1	1.25	1.5	1.75	2
$\Delta\theta$ (°C)	0	0.7	2.9	4.6	6.6	9.1	11.8

(i) Breac graf de $\Delta\theta$ i gcoinne I^2 (x-ais).

4×3

I^2 (A ²)	0	0.25	1	1.56	2.25	3.06	4
-------------------------	---	------	---	------	------	------	---

luachanna I^2 i dtábla nó ar an ngraf

...3

aiseanna lipéadaithe I^2 nó sruth² agus nó $\Delta\theta$ nó ardú teochta*


...3

na haiseanna scálaithe i gceart agus sé phointe breactha i gceart

...3

líne dhíreach tríd an mbunphointe

...3



(ii) Úsáid do ghraf leis an sruth a bhainfeadh le méadú teochta 8.8 °C a réamh-mheas

2×3

($I^2 =$) 3 go 3.3

...3

($\Rightarrow I =$) 1.7 nó $\sqrt{3} - 1.8$ A

...3

[gan aon aonad nó an t-aonad mícheart (-1)]

(iii) Cén gaol a thaispeántar i do ghraf?

3

ardú teochta* comhréireach le huimhir chearnach an tsrutha / $\Delta\theta \propto I^2$

...3

[*Cuir piónós (-3) ar theocht in áit ardú teochta, ach ná déan ach uair amháin é don obair ar fad ar (b) agus (c) le chéile.]

(d) Léiríonn Fíor 7 sreang iompartha srutha ag dul trí chearnóg chairtchláir.



Déan an léaráid a chóipeáil i do fhreagarleabhar agus críochnaigh í chun go dtaispeánfar an réimse maighnéadach a bhaineann leis an sruth / sa tsreang.

2×3

línte réimse ciorclacha comhlárnacha timpeall na sreinge (2 ar a laghad)
sa treo tuathail (saighead amháin ar a laghad)

...3

...3



(e) Taispeántar i bhFíor 8 roth miotalach a rothlaíonn tuathalach nuair a dhúntar an lasc.

(i) Cén prionsabal a léirítear leis an leagan amach seo?

2×3

feidhmítear fórsa

...3

ar shreang shruthiompártha i réimse maighnéadach

...3

[Ceadaiigh (6) don éifeacht mótaíir nó don riail ciotóige (Fleming).]

Mol slí inar féidir leis an roth

(ii) rothlú níos tapúla

3

méadaigh an sruth / méadaigh neart an mhaighnéid / ardaigh airde an mhaighnéid

...3

(iii) rothlú deiseal

3

aisiompaiigh treo an tsrutha / aisiompaiigh treo an réimse mhaighnéadaigh

...3

(iv) Tabhair sampla d'fhearas atá bunaithe ar an bprionsabal a léirítear leis an leagan amach seo.

3

mótor / méadar / callaire / aon fhearas arna ainmniú a bhfuil mótor nó méadar ann mar phríomhfheidhm aige

...3

CEIST 6

Freagair dhá cheann ar bith

Ceist 6(a)

Sainmhínigh aonad fuinnimh S.I., i.e. an giúl.

2×3

fórsa newton 1 nó 1 N // bogann mais de 1 kg ag 1 m s⁻²

...3

bogann sé mais 1 m i dtreo an fhórsa // 1 m i dtreo an fhórsa

...3

[i dtreo an fhórsa fágtha ar lár ...(-1)]

Déan idirdhealú idir fuinneamh poitéinsiúil agus fuinneamh cinéiteach.

2×3

fuinneamh poitéinsiúil: funneamh de thoradh suíomh nó riocht / mgh

...3

fuinneamh cinéiteach: funneamh de thoradh gluaisne / $\frac{1}{2}mv^2$

...3

Dearadh spástointeálaithe ar shlí gur féidir iad a lainseáil go hingearach, a sheoladh ar mhisin sa spás ag fithisiú thart ar an Domhan, dul isteach in atmaisféar an Domhain arís agus tuirlingt ar rúidbhealaí ar nós faoileoirí.

Cé mhéad fuinnimh phoitéinsiúil a bhí ag teastáil chun spástointeálaí de mhais 1.03×10^5 kg a ardú go dtí 110 m os cionn an chip lainseála?

2×3

$(E =) mgh$ / $(E =) 1.03 \times 10^5 \times 9.8 \times 110$

...3

$(E =) 1.11 \times 10^8$ J nó 111,034,000 J

...3

[gan aon aonad nó an t-aonad mícheart (-1)]

Tar éis na lainseála, nascadh tointeálaí leis an stáisiún spáis idirnáisiúnta agus d'fhithisigh siad le chéile thart ar an Domhan fad 6.78×10^3 km ó lár an Domhain.

Aimsigh an fórsa imtharraingthe ar an tointeálaí agus an stáisiún spáis más é 5.10×10^5 kg an mhais atá acu le chéile agus 5.97×10^{24} kg mais an Domhain.

3×3

$(F =) G \frac{M_1 M_2}{d^2}$

...3

$(F =) 6.67 \times 10^{-11} \frac{(5.10 \times 10^5)(5.97 \times 10^{24})}{(6.78 \times 10^6)^2}$

...3

$(F =) 4.42 \times 10^6$ N / 4.42×10^{12} μN

...3

[gan aon aonad nó an t-aonad mícheart (-1)]

D'fhill tointeálaí agus a raibh istigh ann de mhais 9.04×10^4 kg le chéile ar ais ó mhisean agus thuirling sé go cothrománach ar dhromchla an Domhain le treoluas tuirlingthe cothrománach de 105 m s⁻¹.

Cad é an méid fuinnimh a aistríodh go foirmeacha eile, e.g. teas, fuaim, etc, chun an tointeálaí a thabhairt chun fois tar éis dó tuirlingt ar rúidbhealach cothrománach?

2×3

$(E =) \frac{1}{2}mv^2$ / $(E =) \frac{1}{2} \times 9.04 \times 10^4 \times (105)^2$

...3

$(E =) 4.9833 \times 10^8$ J go 5×10^8 J

...3

[gan aon aonad nó an t-aonad mícheart (-1)]

Ceist 6(b)

Breac síos dlí Ohm.

2×3

tá an sruth (i seoltóir) comhréireach // $I \propto$ // an voltas nó an difríocht phoitéinsiúil comhréireach // $V \propto$ // $V =$

...3

leis an difríocht phoitéinsiúil nó voltas ag teocht thairiseach // V ag teocht thairiseach //

go I ag teocht thairiseach // an sruth (i seoltóir) ag teocht thairiseach // IR ag teocht thairiseach

...3

[ag teocht thairiseach fágtha ar lár (-1)]

Sa ciorcad i bhFíor 9 tá ceithre bholgán 5 Ω chomhchosúla W, X, Y agus Z agus cadhnra 9 V. Faigh

(i) friotaíocht iomlán leagan amach seo na mbolgán, 3×3
comhthreomhar: $\frac{1}{R} = \frac{1}{R_1} + \frac{1}{R_2} / \frac{1}{R} = \frac{1}{5} + \frac{1}{5}$...3

$\Rightarrow R = 2.5 (\Omega)$...3

sraith: $2.5 + 5 + 5 = 12.5 (\Omega)$...3

(ii) an sruth ag sreabhadh i ngach bolgán. 4×3

an sruth céanna in W agus X / sruth W = sruth X / $I_W = I_X$...3

$V = IR / 9 = I \times 12.5 \Rightarrow (I =) 9 \div 12.5 = 0.72 (A)$...3

an sruth céanna in Y agus Z / sruth Y = sruth Z / $I_Y = I_Z$...3

$(I_Y = I_Z =) 0.36 A$ nó $0.4 A^*$...3

[*gan aon aonad nó an t-aonad mícheart ...(-1)]

Déan cur síos ar a mbeadh le breathnú

(iii) dá séidfeadh bolgán Y, 3

na bolgáin eile lasta i gcónaí / Z níos gile nó W agus X níos maolaithe / $0.6 A$ i ngach bolgán ...3

(iv) dá séidfeadh bolgán X, 3

gan aon solas ...3

Ceist 6(c)

I bhFíor 10 léirítear an speictream leictreamaighnéadach. Sraith de chineálacha éagsúla radaíochta atá ann, leagtha amach de réir ord minicíochta, a bhfuil tréithe áirithe comhchoiteanna acu, ina measc sin an luas atá acu i bhfolús.

(i) Sainaithin an cineál radaíochta i ngach ceann de na réigiúin A agus B den speictream. 2×3

A: infridhearg ...3

B: x-ghathanna ...3

(ii) Luaigh feidhm le gach ceann de na radaíochtaí sna réigiúin A agus B. 2×3

A: téamh / trealamh oíche nó fótagrafaíocht oíche / cianrialtáin / léasacha slándála / soilsiú seomra dorchá, etc ...3

B: diagnóisic leighis / contrabhanna a bhraith ag seiceanna slándála (ag aerfoirt, etc) / scoilteanna nó fabhtanna i miotail a bhraith / caolaois in ealaín a bhraith / ailse a chóireáil, etc ...3

[Ná glac ach le feidhmeanna cearta radaíochtaí *leictreamaighnéadacha* míchearta arna tabhairt in (i) amháin.]

